Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
Tuarascáil Cúig Bliana
Faoi alt 80(4) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (an tAcht)

CLÁR ÁBHAR


Réamhrá. 3

Caibidil 1. Cúlra agus Bunú...................................................................... 4
1.1 Cúlra le Búnú an Choimisiúin..................................................... 4
1.2 Achoimre ar Ghníomhaíochtai go dtí seo ........................................................ 4
1.3 Bunú an Choimisiúin............................................................................ 5
1.4 Cuspóirí an Choimisiúin........................................................................................ 5
1.5 Láthair agus Imlonnú........................................................................................... 7
1.6 Sainmhíniú ar Phearsantacht agus ar Éiteas 7
1.7 Soláthar Foirne agus Pearsanra 8
1.8 Faisnéis agus For-rochtain........ 8
1.9 GSOC – Eagraíocht bunaithe ar Fhaisnéis .... 9
1.10 Sainfhaisnéis Imscrúdaitheach 9
1.11 Ag Déaileail leis an nGnathphobail 10
1.12 Forbairt Foirne............................................................ 10
1.13 Iasacht Ghardaí don GSOC – alt 74 den Acht............................................. 11
1.14 Comhairliúchán le geallshealbhóirí 12
1.15 Dearcthaí faoin GSOC – an Gnáthphobal agus na Gardaí 12
1.16 Prótacail leis an nGarda Síochána ……………………… 12

Caibidil 2. An Líon Gnó agus Gníomhaíochtaí ........................................... 14

2.1 An Líon Gnó 14
2.2 Cineálacha Líomhaintí 14
2.3 Tarchuir chuig an GSOC ón nGarda Síochána 15
2.4 Freagairt do ghearáin agus do tharchuir 17
2.4.1 Réiteach Neamhfhoirmiúil ar ghearáin 18
2.4.2 Láimhseáil an Gharda Síochána ar Imscrúdú Gearán ar leith 18
2.5 Éifeachtúlacht 20
2.6 Torthaí 21

Caibidil 3. Leasuithe Reachtaíochta .............................................. 23
3.1 Athruithe sa Reachtaíocht i mí Bealtaine 2007 23
3.2 Moltaí do leasuithe breise 23
3.3 Gearáin faoi Sheirbhís … 24
3.4 Réiteach Neamhfhoirmiúil .......... 24
3.5 Fiosrúcháin Réamhghlacachta 25
3.6 Imscrudú Gearán ag Leibhéal Maoirseachta Tosaigh 25

Caibidil 4. Rioscaí sa Todhchaí ...................... 27
4.1 Ceisteanna Riosca sa Todhchaí 27
4.2 Cumasú an GSOC lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh 27

Caibidil 5. An Coimsiún sa Todhchaí ........... 29
5.1 An Coimisiún sa Todhchaí 29

Conclúid 30

Figiúirí

Figiúr 1. Gearáin agus líomhaintí 2007-2010................................................................. ..14
Figiúr 2. Tarchuir faoi alt 102, 2007-2010................................................................ 16
Figiúr 3. Freagairt an GSOC do ghearáin agus do tharchuir 2007-2010 17
Figiúr 4. An Méid ama glactha le gearáin a phróiseáil 20
Figiúr 5. Dearcthaí an Ghnáthphobail ar an GSOC 2007-2010 21
Figiúr 6. Dearcthaí an Ghnáthphobail ar an GSOC 2007-2010 ar lean. 22

Cairteanna

Cairt 1. Catagóirí na Líomhaintí 2007-2010 15
Cairt 2. Fachtóirí a thionscain na tarchuir 2007-2010 17

**Réamhrá**

Tá tuarascáil cúig bliana Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochana (GSOC) seo á cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (DJE) de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (an tAcht).

Déanann sí iarracht léargas agus athbhreithniú iomlán d'fheidhmíocht an Choimisiún óna bhunú. Le haghaidh tuilleadh sonraí (mar shampla, maidir le staitisticí), féadtar í a léamh I gcomhar leis na Tuarascálacha Bliantúla agus leis an Tuarascáil Dhá Bhliain eisithe in 2008.

Creideann an Coimisiún go bhfuil an GSOC ag oibriú ag héifeachtach agus bhí sé á chruthú féin mar oiriúnach do na feidhmeanna leagtha síos ina reachtaíocht.

Creideann siad go bhfuil níos mó feasachta agus inghlacthachta fadbhunaithe gur láreilimint de phóilíneacht in Éirinn inniu í maoirseacht neamhspleách.

Tá áthas ar na Coimisinéirí le teacht chun cinn idirnáisiúnta samhlacha nua maoirseachta póilíneachta, agus is féidir le hÉirinn maíomh go bhfuil sí ag an taobh is forbartha den speictream.

Maidir leis seo, tugann na Coimisinéirí faoi deara agus cuireann siad fáilte mhór roimh ráiteas is déanaí Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine (Meán Fómhair 15, 2011), An tUasal Thomas Hammarberg, gur "eiseamláir do thíortha eile é an GSOC".

---

1 Tuarascáil déanta ag Thomas Hammarberg, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, tar éis a chuairte ar Éirinn ó 1 go 2 Meitheamh 2011, leathanach 14 *www.coe.int/t/commissioner/WCD/visitreports* 4

**Caibidil 1 Cúlra agus Bunú**
1.1Cúlra le Búnú an Choimisiúin

Bunaíodh comhlacht maoirseachta neamhspleách do Gharda Síochána tar éis socruithe ar leith a ndearnadh foráil dóibh i gComhaontú Aoine an Chéasta Bheal Feirste 1998.

Bhí cuid den tionscnamh spreagtha ag tuarascálacha Fhiosrúchan Morris[2] faoi mhí-iompar roinnt gardaí i Roinn Dhún na nGall. Cháin na tuarascálacha seo freagairtí institiúideacha an Gharda Síochána don mí-iompar sin.

Cé go raibh difríochtaí béime agus sa chur chuige ann, bhí bunú comhlacht neamhspleách maoirseachta póilíneachta tacaithe ag na páirtithe uile i dTithe an Oireachais.

**1.2 Achoimre ar Ghníomhaíochtaí go dtí seo**
Tá roinnt cairteanna agus graificí staitisiciúla ann i gCaibidil 2 den tuarascáil seo le léargas ginearálta d'obair an Choimisiúin a léiriú sa tréimhse clúdaithe sa tuarascáil seo.

D'fhéadfadh na pointí seo a leanas achoimre a thabhairt faoi obair an Choimisiúin ó thosaigh sé ag feidhmiú i mí Bealtaine 2007 go 30 Meán Fómhair 2011 áfach.

Suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2011, fuair an Coimisiún 10,903 gearán. Fuair sé a thuilleadh 5,335 fiosrúchán

Ba é 6042 líon na ngearán a glacadh le himscrúdú.

Chuir an Coimisiún 111 comhad ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Stiúir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh i 29 cás a bhain le 42 cosantóir.

Chuir an Coimisiún 89 comhad ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána agus moladh ann go ndéanfadh sé machnamh ar phróisis araíonachta.
D'fhreagair an Coimisinún do 650 tarchur ón nGarda Síochána faoi Alt 102 den Acht. Iarrann sé seo ar Choimisinéir an Gharda Síochána cur in iúl don GSOC nuair is cosúil go bhféadfadh bás nó dochar tromchúiseach tarlú do dhuine de thoradh iompar chomhalta ar bith den Gharda Síochána.

Rinne an Coimisiún 6 imscrúdú ar mhaithe le leas an Phobail, mar atá soláthaithe faoi alt 102 (4) den Acht.

Rinne an Coimisiún imscrúdú amháin, de réir alt 106 den Acht. Níor ghlac an tAire a bhí ann ag an am An tUas, Brian Ó Leanacháin, TD nach maireann le hiarratas chun an dara imscrúdú dá leithéid seo a dhéanamh.

---

2 *Tuarascálacha an Bhinse Fiosrúcháin faoi mhí-iompar gardaí ar leith I Roinn Dhún na nGall: Sa chathaoir bhí an Breitheamh Onórach Frederick R. Morris, iarUachtarán na hArd-Chúirte* www.justice.ie

1.3 Bunú an Choimisiúin

Bunaíodh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána tar éis achtú Acht an Gharda Síochana, 2005. Fuair na Coimisinéirí, an Breitheamh Onórach An tUas. Kevin Haugh nach maireann, mar Chathaoirleach, An tUas. Conor Brady agus An Bhean Uas. Carmel Foley, barántais a gceapacháin ón Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa I mí Feabhra 2006. Thosaigh an GSOC ag feidhmiú ar 9 Bealtaine 2007. Tar éis bás an Bhreithimh Onóraigh Haugh in 2009, ceapadh An tUas. Dermot Gallagher mar Chathaoirleach an Choimisiúin.

1.4 Cuspóirí an Choimisiúin

Leagann an tAcht dhá chuspóir don Choimisiún amach.

Ar an gcéad dul síos; córas a sholáthar le gearáin a fháil agus le déileáil le ceisteanna faoi mhí-iompar Gardaí ar dhóigh atá éifeachtach, eifeachtúil agus cothrom do gach duine lena mbaineann siad. (alt 67).

Sa dara dul síos; muinín an phobail a chothú i próiseas réitigh na ngearán sin (alt 67).

Bhí na gnéithe seo a leanas le bheith ag an institiúid nua.

1. Bhí se le bheith neamhspleách ón nGarda Síochána agus ó na heilimintí seo dá bhfuil an córas ceartais choiriúil an Stáit comhdhéanta.

2. Bhi ardchéim de neamhspleáchas ón oireachtas aghus ón Rialtas le bheith aige, mar a léiríodh nuair a cheap an tUachtarán a bhaill ar bhonn rúin ón dá theach san Oireachas.

3. Bhí cumhachtaí iomlána póilíneachta le bheith aige, do chuspóirí ábhartha agus praiticiúla uile, agus iad á bhfeidhmiú neamhspleách ón nGarda Síochana.

4. Ba é a ról fianaise a bhailiú, bíodh sé sin I gcúrsaí coiriúla nó araíonachta nó nach mbíodh, agus bhí sé lena leithéid seo d’fhianaise a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) nó do Choimisinéir an Gharda Síochána, ag brath ar cé acu a bhí a himscrúdú coiriúil nó araíonach nó nach raibh.

5. Ba é a théarma tagartha gan sárú ar bhainistíocht agus stiúir ghinearálta an Gharda Síochána, seachas ar dhóigh theoranta, mar a bhí leagtha síos faoi alt 106 den Acht. Is ar Choimisnéir an Gharda Síochána atá an fhreagracht as a leithéid seo de bhainistíocht agus de stiúradh.

6. Bhí ról Coimisnéir an Gharda Síochána le bheith thar téarmaí tagartha an Choimisiúin.

7. Rinneadh foráil go bhféadfaí teorainneacha ar leith bheith ann ar théarmaí tagartha sa mhéid is go sáródh sé ceisteanna a bhaineann le slándáil an Stáit.

8. Bhíothas ag brath gur chóir go bhfanfadh cúrsaí araíonachta agus bainistíocht “líne tosaigh” iompar gardaí faoi fhreagracht an Gharda Síochána.

9. Bheadh an fhreagracht airgeadais deiridh ag Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

10. Ba chosúil gur dhearbhaigh an cinneadh chun comhlacht triúr daoine a chur ar bun mian na reachtóirí go gcomhlíonfadh an Coimisiún a fheidhmeanna ar dhóigh bhreithniúcháin. Dá mbeadh easpa comhthuisceana ann, dhéanfaí cinneadh ar cheist trí vótaí an tromlaigh. Ag an am chéanna, d'fhéadfadh duine amháin de na Coimisnéirí feidhmeanna iomlána an Choimisiúin a chomhlíonadh.

1.5 Láthair agus Imlonnú

Nuair a bunaíodh an GSOC bhíothas ag brath go mbeadh an phríomhoifig i mBaile Átha Cliath agus go mbeadh an dá oifig réigiúnacha ag feidhmniú, ceann amháin i Ros Cré i gCo. Thiobraid Árann agus an ceann eile i Longfort. Ni raibh an oifig i Ros Cré inmharthana agus imlonnaíodh an fhoireann réigiúnach d'Oifigigh Ainmnithe i gCorcaigh. B'úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní é na foirne réigiúnacha seo a imlonnú.

1.6 Sainmhíniú ar phearsantacht agus ar éiteas

Go díreach tar éis a gceapacháin, thosaigh na Coimisinéirí ag múnlú na heagraíochta agus ag sainmhíniú a "pearsantachta" agus a "héiteas" thart ar an teimpléad a bhí leagtha amach thuas.

Rinne na Coimisinéirí cinneadh *ab initio* go ngníomhódh siad ar dhóigh choláisteach, ag seachaint na forála do votail an tromlaigh a mhéad agus is féidir. Sa chás go bhféadfai vótáil a sheachaint, ní raibh gá leis.

Rinne na Coimisinéiri cinneadh freisin go mdéanfaidís iarracht á gcur i láthair féin mar thríréad maidir le príomhcheisteanna, mar shampla nuair a chuirfidís a n-ainmneacha leis na tuarascálacha bliantúla, nuair a bheadh cruinniú foirmiúil acu le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena bhainistíocht shinsearach, nuair a bheidís ag cinneadh ar thus a chur le fiosrúcháin ar mhaithe le leas an phobail, agus nuair a bheidís ag eisiúint ráiteas tabhachtacha do na meáin.

Rinne siad cinnneadh ar cé go bhféadfaidís an chuid is mó d'fheidhmeanna an Choimisiúin a thairmligean d'oibrithe foirne gairmiúla (agus leoga bhí orthu), chothódh na Coimisinéirí léargas ginearálta a thabhairt maidir le cásanna móra tábhachtacha. Rinne siad cinneadh freisin go gcuirfidís seirbhís 24/7 ar fáil maidir le cursaí oibríochtúla.

Rinne na Coimisinéiri cinneadh gur chóir go mbeadh rochtain an phobail sheirbhísí an GSOC saor ó mhaorlathas nemahriachtanach. Le cois na gcainéal a ndéantar foráil dóibh san Acht, rinneadh cinneadh go mbeadh áis "siúil isteach" san oifig I mBaile Átha Cliath agus go bhféadfaí gearáin a fháil sa phost, ar an dteileafón nó go leictreonach.

1.7 Soláthar Foirne agus Pearsanra

Cé nach raibh foráil san Acht le aghaidh post an Phríomhfheidhmeannaigh, aithníodh go mbeifí líon postanna tábhachtacha riaracháin agus oibríochtúla a líonadh ag an leibhéal shinsearach chun cabhrú leis an gcuspóir go mbeadh sé éifeachtach, éifeachtúil agus cothrom do gach uile dhuine lena mbaineann sé a bhaint amach.

Go háirithe, rinneadh cinneadh gur chóir go mbainfeadh sé seo le post an Stiúrthóra Imscrúduithe (tugadh an t-ateideal 'Stiúrthóir Oibríochtaí' air níos moille) agus an Stiúrthóra Riaracháin.

Rinne na Coimisinéirí iarracht cinntiú go bhfeidhmeodh an eagraíocht na leibhéil is airde de sheirbhís chustaiméara agus rialachais ón tús. Thacaigh an Stiúrthóir Riaracháin agus a fhoireann leis seo trí fhorbairt agus chur i bhfeidhm na gcaighdeán seo.

Rinneadh foráil do sheirbhísí corparáideacha riachtanacha: teicneolaíocht faisnéise; acmhainí daonna; rialú agus bainistiú airgeadais; cumarsáidí agus lóistíocht; soláthar soláthairtí agus trealaimh, srl.
Aithníodh go mbeadh seirbhísí fhoireann dlí ardscileanna de dhíth ar an gCoimisiún. Iarradh ar cead airgeadais agus tugadh é do cheapadh triúr daoine oiriúnacha cáilithe a bhfuil taithí acu sa réimse seo.

Bhain an cinneadh chun post an Cheannasaí Cumarsáidí agus Taighde agus chun acmhainní cuí a thabhairt don rannóg sin, le go príomha, ach ní amháin le, comhlíonadh an chuspóra reachtúil chun muinín an phobail a chothú sa phróiseas le gearáin a réiteach.

## 1.8 Faisnéis agus For-rochtain

Cuireadh clár leanúnach d'fhor-rochtain fhaisnéiseach, ar fáil do ghardaí agus don phobal i gcoitinne, i bhfeidhm. Cuireadh lámhleabhair chuig Staisúin an Gharda Síochána, ionaid faisnéise pobail agus leabharlanna agus cuireadh ar fáil ar iarratas iad d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine a raibh acu ann.

Cuireadh pacáistí faisnéise do chomhaltaí an Gharda Síochána chuig comhaltaí sular thosaigh an GSOC ag feidhmiú. Lena chois sin, rinne Coimisinéirí agus pearsanra an GSOC cuir i láthair do réimse grúpaí, grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste san áireamh. Rinneadh seisiúin faisnéisithe le hábhar gardaí agus le promhóirí garda I gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór agus ag cláranna bainistíochta maoirseachta do chomhaltaí reatha an Gharda Síochána. Leagadh suíomh idirlín an GSOC amach le go ndéanfaí nuashonrú air ar bhonn míosúil le figiúirí faoi ghearáin agus faoi tharchuir.

## 1.9 GSOC – Eagraíocht Bunaithe ar Fhaisnéis

Bhí na Coimisinéirí go láidir den bharúil gur chóir go mbeadh an GOSC ina chomhlacht faisnéis-bhunaithe Ba chóir cinní a dhéanamh bunaithe ar an líon sonraí eimpíreacha bailithe thar thréimhse ama. Chun cabhrú leo an éifeacht is fearr a bhaint amach, cinneadh ar thaighdeoir/staitiseoir oilte agus leabharlannaí cáilithe a cheapadh le bheith ag oibriú faoi stiúir an Cheannasaí Cumarsáidí agus Taighde.

## 1.10 Sainfhaisnéis Imscrúdaitheach

Ba dhifear mór é idir an GSOC agus Bord Gearán an Gharda Síochána ná go raibh a imscrúdaitheoirí féin nó a 'Oifigigh Ainmnithe' a bhfuil taithí acu a bheith ag an GOSC. Tá foráil in Alt 98 den Acht a shonraíonn go bhfuil na cumhachtaí céanna ag oifigigh,

agus iad ainmnithe, agus atá ag comhalta den Gharda Síochána maidir le himscrúduithe a dhéanamh.

Tá cumhachtaí ag trí bhall den Choimisiún agus atá ag comhaltaí an Gharda Síochána ag leibhéal rang an Chigire nó níos airde.

Aithníodh go raibh sainfhaisnéis phóilíneachta ag an leibhéal gairmiúil ab'airde de dhíth ar an GSOC chun imscrúduithe ardchaighdeánacha a dhéanamh.

Cinneadh gur chóir go mbeadh cúlra póilíneachta gairmiúla nár sa Gharda Síochána é ag an Stiúrthóir Imscrúduithe. Cinneadh freisin go mbeadh sé mar aidhm ag an gCoimisiún cóhort imscrúdaitheach a léireodh disciplíní ábhartha éagsúla agus a thiocfadh ó dhlínsí éagsúla a fhorbairt cé go mbeadh an Coimisiún sásta iarghardaí oiriúnacha a earcú le hoibriú mar a Oifigigh Ainmnithe.

Mar sin de, earcaíodh Oifigigh Ainmnithe an GSOC ó chúlraí éagsúla. Ina measc bhí fostaithe sa tseirbhís phoiblí, iarphóilíní ó dhlínsí eile agus iarphearsanra maoirseachta póilíneachta. Le cois pearsanra Éireannaigh, tá oibrithe foirne an GSOC earcaithe ó thíorthaí éagsúla anois, An Astráil, An Nua Shéalainn, An tSlóvaic, An Afraic Theas agus An Ríocht Aontaithe san áireamh.

## 1.11 Ag Déileáil leis an nGnáthphobal

Aithníodh go mbeadh líon Cásoibrithe oilte de dhíth ar an GSOC a bheadh mar an chéad phointe teagmhála do dhaoine ar mian leo bheith ag plé leis. Nuair a bhunaigh sé a Rannóg Cásoibre, tharraing sé ar thaithí ghníomhaireachtaí eile sa tseirbhís phoiblí, Bord Gearán an Gharda Síochána san áireamh a raibh taithi acu ar sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí.

Earcaíodh Cásoifigigh dá dtaithí agus dá scileanna as bheith ag déileáil leis an ngnáthphobal, go príomha.

Sa phlean tosaigh don eagraíocht, bhíothas ag brath 150 oibrí foirne le bheith ag oibriú ann. Cibé ar bith tugadh cead dó suas go 98 duine a earcú. Tar éis do roinnt daoine fágáil agus gan duine ar bith sna postanna ina ndiaidh (de réir Chreat Rialaithe Fostaíochta an Rialtais) tá líon na n-oibrithe foirne ceadaithe ag 87 duine faoi láthair.

## 1.12 Forbairt Foirne

Mar bhí cuid mhór oibrithe foirne an GSOC, go háirithe sa réimse Imscrúduithe, earcaithe ó dhlínsí eile, bhí riachtanais ar leith ann maidir le hoiliúint.

Le linn na tréimhse Feabhra go hAibreán 2007, rinne oibrithe foirne imscrúduithe clár dianoiliúna curtha ar siúl ag Ollscoil Portsmouth agus ag King's Inns i mBaile Átha Cliath.

Rinne roinnt oibrithe foirne roghnaithe oiliúint in idirchaidreamh le teaghlaigh, agus ghlac oibrithe eile páirt in oiliúint faoi theicnící láithreacha coire.

Rinne cásoibrithe foirne an GSOC oiliúint le hOllscoil Portsmouth ar theicnící agallóireachta agus éascú gearánaithe. Glac an GSOC páirt i gcomhchleachtadh oiliúna a bhi ar siúl ag Winchester, sa Ríocht Aontaithe, a dhírigh ar phríomhcheisteanna coire, le hoifigigh ón SPTÉ agus ón nGarda Síochána.

Mar an gcéanna, ghlac an fhoireann shinsearach bhainistíochta páirt i ndianoiliúint faoi láimhseáil teagmhas tromchúiseach. Fuair na hoibrithe foirne eile oiliúint chuí in ulllmhúchán dá bhfeidhmeanna.

Taobh amuigh de na modúil fhoirmiúla oiliúna, tugadh cuireadh d'aoi-léachtóirí sna réimsí ábhartha teacht go Ceannáras an GSOC ar bhonn leanúnach le labhairt leis an bhfoireann (mar shampla, roinn an tIonad Éigeandála um Éigniú a chuid sainfhaisnéise maidir le láimhseáil imscrúduithe a bhfuil gné ghnéasach acu).

Rinneadh comhoiliúint le hOifig Ombudsman na bPóilíní Thuaisceart Éireann (OPONI), Coimisiún Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (IPCC) agus le Coimisiún na hAlban um Ghearáin faoi Phóilíní (SPCC.)

## 1.13 Iasacht Ghardaí don GSOC – alt 74 den Acht

Bhi a fhios ag na Coimisinéirí ar an méid is féidir déanamh le hiasacht chomhaltaí an Gharda Síochána don Choimisiún de réir forálacha san Acht.

Bhi tionchar mór ag ceathrar Ard-Cheannfort an Gharda Síochána, a sannadh gon GSOC faoin Acht, maidir le daoine a dhéanamh inniúil, go háirithe iad siúd ó thaobh amuigh d'Eirinn, trí fhaisnéis ábhartha agus fócasaithe a chur in iúl dóibh.

D'fhág beirt de na hoifigigh ar iasacht an GSOC agus níor ceapadh daoine ina n-ionad. Creideann na Coimisinéirí go raibh agus gur féidir le hiasacht oifigeach oiriúnach ón nGarda Síochána bheith tairbheach don dá eagraíocht. Tá na Coimisinéirí ag súil lis an líon iomlán Ard-Cheannfort atá ceadaithe aige a cheapadh arís nuair a bheidh go leor acmhainní ar fail leis seo a dhéanamh.

## 1.14 Comhairliúchán le geallshealbhóirí

Bhí an Coimisiún ag iarraidh cinntiú ón tús gur chóir go gcuirfí in iúl do na geallshealbhóirí éagsúla faoin múnla agus faoin gcarachtar atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. Thug an Coimisiún cuireadh do gach cumann foirne an Gharda Síochána le bualadh le chéile le aghaidh caibidlí. Rinneadh comhairliúchán forleathan le hoifigigh ábhartha na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena oifigigh shinsearacha. Tugadh faisnéis d'urlabhraithe Ceartais an Oireachtais faoi ról an GSOC sa todhchaí.

Thaistil Coimisinéirí chuig comhdhálacha cumainn éagsúla chomhaltaí an Gharda Síochána, agus chuig cruinnithe le hoifigigh shinsearacha sa Teampall Mór. Shocraigh siad criuinnithe leis an gCoimisiún um Chearta an Duine in Éirinn agus leis an gComhairle um Chearta an Duine.

Bhuail Grúpa Comhairleach an GSOC, ina bhfuil an Garda Síochána, cumann foirne an Gharda Síochána, Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn, ONÉ Gaillimh, agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le chéile ag amanna éagsúla chun réimse ceisteanna ábhartha a phlé agus a athbhreithniú.

Sa chéim réamhthosaithe, bhuail an Grúpa Comhairleach le chéile ag tréimhsí dce thrí nó sé mhí. Le déanaí, ba leor é cruinniú bliantúil.

## 1.15 Dearcthaí faoin GSOC – an Gnáthphobal agus na Gardaí

Bhi a fhios ag an gCoimisiún ón tús don ghá le haiseolas cruinn agus iontaofa ar dhearcthaí an phobail faoina chuid oibre agus faoina fheidhmíocht. Déantar pobalbhreitheanna neamhspleácha agus rialta ar dhearcthaí an phobail, ag úsáid teicnící suirbhé aithnidiúla.

Déantar pobalbhreitheanna ar dhearcthaí faoin GSOC freisin laistigh den Gharda Síochána ag gach uile rang.

## 1.16 Prótacail leis an nGarda Síochána

Éilíonn an tAcht go gcomhaontófaí Prótacail ar leith idir an Coimisiún agus Coimisinéir an Gharda Síochána. Leis seo a chomhlíonadh, bhuail grúpa oibre comhdhéanta de chomhaltaí ón GSOC agus ó Cheannáras an Gharda Síochána, le chéile dhá uair déag, ag cumadh roinnt dréachtaí a chomhaontaigh agus a shínigh an Cathaoirleach ag an am sin, An Breitheamh Onórach Haugh nach maireann agus Coimisinéir an Gharda Síochána ag an am sin An tUas. Noel Conroy, ar 8 Bealtaine 2007, go díreach sular thosaigh an Coimisiún ag feidhmiú. Rinneadh athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin agus síníodh leagan leasaithe díobh seo 1 Meán Fómhair 2007. Féadtar iad seo a léamh ag www.gardaombudsman.ie.

In 2010, cuireadh tús le habhreithniú breise ar na Prótacail de gheall ar chinneadh a dhéanamh ar cé acu, ar bhonn taithí, a bhí níos mó athmheasa nó leasaithe de dhíth orthu nó nach raibh. Tá an próiseas seo ag dul ar aghaidh go fóill, plé maidir le roinnt faisnéise idir an Garda Síochána agus an GSOC san áireamh.

Tá na Prótacail lárnach don chaidreamh idir an GSOC agus an Garda Síochána. Forordaíonn siad an dóigh chun gnó oibríochtúil a dhéanamh idir an tseirbhís póilíneachta agus an ghníomhaireacht maoirseachta.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil íogaireachtaí ann sna réimsí seo, go háirithe maidir le faisnéis choiriúil agus le húsáid Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS). Tá dualgais agus freagrachtaí, leagtha amach sa dlí, ag an nGarda Síochána agus ag an GSOC araon a chuireann isteach orthu seo. Rinneadh iarrachtaí móra leis na ceisteanna gan réiteach a réiteach agus táthar ag súil leis go gcríochnófar an obair ar dháta luath.


**Caibidil 2 An Líon Gnó agus Gníomhaíochtaí**

2.1 An Líon Gnó

Fuair an Coimisiún breis agus 2,200 gearán gach bliain ó 2007. Seo timpeall is dhá oiread ar an líon gearán faighte ag a réamhtheachtaí Bord Gearán an Gharda Síochána.

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dheanamh idir an téarma "gearán" agus "líomhain". Is ábhair imscrúduithe iad líomhaintí, ina bhfuil gearáin. D'fhéadfadh roinnt líomhaintí bheith istigh i ngearán. Mar shampla, d'fhéadfadh gearán mí-iompar roinnt gardaí a líomhnú nó d'fhéadfadh gearán roinnt cásanna éagsúla de mhí-iompar ag garda a líomhnú. Mar sin de, tá an figiúr do líomhaintí i bhfad níos airde nó an figiúr go ghearáin.


Figiúr 1 Gearáin agus líomhaintí 2007-2010




2.2 Cineálacha Líomhaintí

Is iad (a) mí-úsáid údaráis; (b) míchúirtéis; (c) faillí i ndualgas; agus (d) cion neamh-mharfach (is ionann sin agus líomhain ionsaí) na ceithre chineál líomhaintí is ceannasaí.

Cairt 1 Catagóirí na Líomhaintí 2007-2010




Mí-úsáid údaráis; Míchúirtéis; Faillí i ndualgas; Cion Neamh-mharfach

2.3 Tarchuir chuig an GSOC ón nGarda Síochána
Tá tarchuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an GSOC riachtanach i dtosca áirithe faoi alt 102(1) den Acht. Sonraíonn sé seo:

*"The Garda Commissioner shall refer to the Ombudsman Commission any matter that appears to the Garda Commissioner to indicate that the conduct of a member of the Garda Síochána may have resulted in the death of, or serious harm to, a person."*


*"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána ábhar ar bith a mheasann Coimisinéir an Gharda Síochána a léiríonn gur chúis le bás nó le dochar tromchúiseach déanta do dhuine é iompar chomhalta an Gharda Síochána, chuig Coimisiún an Ombudsman."*

Chothromaigh líon na dtarchur in aghaidh na bliana go timpeall is 100. Sna luathbhlianta, bhí na figiúirí níos airde. Bhí na próisis seo nua agus bhi claonadh ag roinnt bainistíochtaí an Gharda Síochána earráidí a dhéanamh ar thaobh an tarchuir, beag beann ar nádúr an teagmhais. Creideann an Coimisiún ag an bpointe seo gur léiriú níba chruinne é figiúr de thimpeall is 100 ar fhíor-riachtanas an Achta.

Mar fhreagairt an GSOC do na teagmhais ghuagacha (mar shainmhíniú) tá toilleadh 24/7 de dhíth chun foirne imscrúduithe oiriúnach-threalmhaithe agus oilte a imlonnú.


Chinn an Coimisiún go luath go soláthródh agus go gcothódh sé cabhlach beag feithiclí oiriúnach-threalmhaithe oifigiúla d'oibrithe foirne oibríochtaí. Ag roinnt uaireanta, d'iarr an Coimisiún ar an Aerchór trealamh agus pearsanra a iompar go láithreacha de theagmhais chriticiúla. Tá an tseirbhís seo an-fhiúntach mar, neamhchosúil leis an nGarda Síochána, níl líonra leitheadach Stáit ag an GSOC. Táimid an-bhuíoch as.

Figure 2 Tarchuir faoi alt 102, 2007-2010



Is é an fachtóir is mó maidir le tarchuir ná teagmhais thráchta ar bhóithre, a chomhdhéanann, ar an meán, 50% de na tarchuir.


Cairt 2 Fachtóirí a thionscain na tarchuir 2007-2010




Gabháil; Coinneáil; Eile; Trácht ar Bhóithre

2.4 Freagairt do ghearáin agus do tharchuir

Figiúr 3 Freagairt an GSOC do ghearáin agus do tharchuir 2007-2010




2.4.1 Réiteach Neamhfhoirmiúil ar ghearáin

Bhí súil ag an gCoimisiún go spreagfadh agus go n-éascódh na forálacha san Acht um réiteach gearáin níos lú tromchúisí, gan an gá le beartais fhoirmiúla araíonachta rannpháirteachas na ngearánaithe agus na ngardaí araon sa phróiseas.

Chiallaigh an fhoclaíocht san Acht a ordaíonn go raibh comhaontas an dá pháirtí (gearánaí agus an garda) de dhíth, go raibh níos lú minicíochta i rannpháirteachas sa phróiseas neamhfhoirmiúil agus a rabhthas ag súil leis, ar an drochuair.

Tá na fáthanna don neamhrannpháirteachas éagsúil. Ar lámh amháin, d'fhéadfadh gearánaí airiú go bhfuil a b(h)uairt róthábhachtach le bheith oiriúnach do phróiseáil neamhfhoirmiúil.

Ina aghaidh seo, d'fhéadfadh garda creidiúint go n-iarrfaí air/uirthi leithscéal a ghabháil as gníomh a shíl se/sí a bhí inchosanta. I gcomhthéacs, mar sin de, mar a bhfuil toiliú an dá thaobh de dhíth, bhi sé an-deacair iarradih ar dhaoine úsáid a bhaint as an nós imeachta.

Cé go nglacann sé leis an fhíric réalaíoch seo, creideann an Coimisinún gur féidir le agus gur chóir do réiteach neamhfhoirmiúil bheith mar chuid thábhachtach dá nósanna imeachta. Thug sé le fios nach bhfuil toiliú do réiteach neamhfhoirmiúil riachtanach i ngach toisc i dTuaisceart Éireann, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Mhol sé, i gcomhphlé leis an nGarda Síochána, go ndéanfaí athruithe ar an Acht maidir le riachtanas toilithe.

2.4.2 Láimhseáil an Gharda Síochána ar Imscrúdú Gearán ar leith

Tá a fhios ag an gCoimisiún gur cuireadh agúis in iúl faoin riachtanas, leagtha síos san Acht, le gearáin níos lú tromchúisí a tharchuir ar ais chuig an Garda Síochana le go ndéanfaidh siad imscrúdu orthu.

Tá sé tábhachtach le tabhairt le fios nach dtarchuirfidh líomhain choiriúlachta ar bith fraoi gharda ar ais chuig údaráis an Gharda Síochána. Imscrúdóidh Oifigigh Ainmnithe an Choimisinéara a bhfuil cumhachtaí póilíneachta iomlána acu í seo go díreach.

Tá forail ann san Acht a shonraíonn go bhféadfadh sáruithe líomhnaithe araíonachta gharda a tharchur chuig údaráis an Gharda Síochána a shannfaidh Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána (GSIO) leis an ngearán a imscrúdú.

Tá roinnt cosaintí tábhachtacha ann.

• Tá forail san Acht a shonraíonn go bhféadfadh leis an gCoimisiún a leithéid seo d'imscrúdú ar bith ag GSIO.

• Tá an ceart ag gach uile ghearánaí athbhreithniú a iarraidh ón gCoimisiún ar thoradh imscrúdaithe déanta ag GSIO.

• I gcásanna faoi mhaoirseacht an GSOC, aontaíonn an GSIO straitéis imscrúdaithe leis an gCoimisiún, clár ama ar a mbeidh nuashonrú rialta de dhíth san áireamh.

Féadann an próiseas bheith fadálach uaireanta. Is minic a shíleann an GSIO (Ard-Cheannfort de ghnáth) go bhfuil sé ina oibleagáid air/uirthi tosaíocht a thabhairt do chúrsaí oibríochtúla agus riaracháin. D'fhéadfaí an clár ama do ghearáin a imscrúdú torthaí ó thaobh gnó níos gnó phráinnigh a bhai a amach, mar shampla, an méid uair a tharlaíonn coir thromchúiseach i gceantar an GSIO.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé bheith ábhartha gur dhúirt 54% d'fhreagróirí i suirbhéanna neamhspleácha an GSOC ar dhearcthaí an phobail gur staisún na ngardaí an chéad áit a rachaidís dá sílfaidís go raibh gearán dlisteanach le déanamh acu.

Chuirfeadh sé seo in iúl gur mhian leis an ngnáthphobal go bhfreagródh na gardaí go deargach dá ngearáin agus go mbeadh dóchas ar leith acu a leithéad seo de fhreagairt éifeachtach a fháil uathu.

Tá barúil láidir ag na Coimisinéirí gurb í freagracht bhainistíocht an Gharda Síochána í araíonacht agus dea-iompar a chothú laistigh den eagraíocht.

Dá ndeánfadh an GSOC é féin na gearáin uile in éadan gardaí a imscrúdú go díreach, bhainfeadh sé seo an fhreagracht le gardaí a bhainistiú agus a smachtú ó na maoirseoirí tosaigh, go bunúsach.

Níl agus níor mhian leis an gCoimisiún na hacmhainní móra a bheadh de dhíth, dá mbeadh air da sannfadh sé a Oifigigh Ainmnithe féin chun na gearáin uile a imscrúdú.

Creideann an Coimisiún gur chóir go gcabhrófaí leo tabhairt faoi bhearna chreidiúnachta ar bith a thiocfadh ó imscrúduithe alt 94 dá mbeadh faisnéis rialta, chruinn agus mhínitheach ag an GSOC údaráis an Gharda Síochana maidir le toradh phróiseas araíonachta.

2.5 Éifeachtúlacht

Nuair a dhéantar gearán, ar mhaithe le leas an ghearánaí agus an gharda a ndeardh gearán faoi/fúithi atá sé, má dhéileáiltear leis a chotroime, a éifeachtúlaí agus a ghaiste agus is féidir.

Is cinnte go nglacann roinnt cásanna níos mó ama le himscrúdú na cásanna eile. Is ábhar imní do na Coimisinéirí é moill mhíchuí ar bith. Níor chóir do luas na próiseála, cé go mbeadh sé seo inmhianaithe, tionchar a bheith aige ar chothroime agus ar chriochnúlacht. Is féidir le tarchur comhad i roinnt cásanna chuig gníúomhaireachtaí eile da n-ionchur, tionchar a bheith aige ar fhad ama cáis.

Ag an am chéanna, tá an GSOC freagrach as cinntiú go gcríochnaítear na cásanna uile laistigh de thréimse ama shásúil. Cé go raibh riaráiste cásanna ag feitheamh ar chinneadh inghlacachta sa chéad bhliain d’oibríochtaí cuireadh deireadh leis sin anois, le fírinne. Déanann an Coimisiún monatóireacht ar thréchur gearán ar bhonn seasmhach. Sa bhliain thuarascála is déanaí, 2010, dhún an GSOC níos mó gearán ná mar a fuair sé.

Figiúr 4 An Méid ama glactha le gearáin a phróiseáil



2.6 Torthaí


Ní chreideann na Coimisinéirí gur chóir go ndéanfaí breithiúnas ar fheidhmíocht an GSOC go príomha ar líon na gciontuithe, nó na smachtbhanní curtha ar chomhaltaí an Gharda Síochána amháin de thoradh a imscrúduithe.

Creideann na Coimisinéirí gur féidir leat feidhmíocht an GSOC a fhíormheas tríd an níos mó feasachta sa ghnáthphobal agus i measc gardaí gurb eilimint bhuan de phóilíneacht nua-aimseartha in Éirinn í maoirseacht neamhspleách.


Ba chóir go mbeadh tionchar ag a leithéid seo d'fheasacht ar teagmhais mhí-iompar gardaí a laghdú agus muinín an phobail a ardú sa ghnáthphobal go bhfuil leigheas neamhspleách éifeachtach ar a leithéid seo d'iompar.

Maidir leis seo, ta áthas ar na Coimisinéirí go bhfuil na príomhtháscairí muiníne ag duul chun cinn go forásach agus go dearfach. Ag an am cheanna, aithníonn an Coimisiún tábhacht na dtorthaí ina n-imscrúduithe agus nósanna imeachta araíonachta agus cúirte a fhéadfaidh tarlu ina ndiaidh seo, leoga.

Figiúr 5 Dearcthaí an Ghnáthphobail ar an GSOC 2007-2010




Figiúr 6 Dearcthaí an Ghnáthphobail ar an GSOC 2007-2010 ar lean.



## Caibidil 3 Leasuithe Reachtaíochta

### 3.1 Athruithe sa Reachtaíocht i mí Bealtaine 2007

Nuair a thosaigh an GSOC ag feidhmiú, ba léir go tapa go raibh go gcuirfeadh roinnt athruithe reachtaíochta, dá n-achtófaí iad, lena heifeachtúlach. Agus d'fhéadfadh sé, i roinnt cásanna, fáil réidh le débhríochtaí fadhbacha ionchasacha. Bhí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais báúil le hiarratais na gCoimisinéirí go ndéanfaí athruithe ar leith agus ritheadh aid mar dhlí ar 9 Bealtaine 2007 tríd an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

### 3.2 Moltaí do leasuithe breise

Bi comhphlé ag an gCoimisiún leis an Roinn Dlí is Cirt agus Comhionannais faoi gnéithe ar leith eile den Acht.

Ar 6 Meitheamh 2007, bhuail na Coimisinéirí agus baill a choiste feidhmiúcháin leis an Aire a bhí annn ag an am agus le hoifigigh shinsearacha a Roinne, agus leag siad tuilleadh athruithe don Acht amach a chreid siad a chuirfeadh le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht an GSOC. Tar éis níos mó breithniúchán, rinne an Coimisiún moltaí do leasuithe ina Thuarascáil Dhá Bhliain ar 20 Feabhra 2008.

Ghlac ionadaithe an Gharda Síochána agus GSOC, pearsanra ón Rannóg Ghnóthaí Dlí san áireamh, rannpháirt i sraith chruinnithe le creatlach fhéideartha a chomhaontú le aghaidh tuilleadh leasuithe ar an Acht.

Léiríonn na moltai leagtha amach thíos smaointe reatha na gCoimisinéirí maidir leis seo.

Tá na Coimisinéirí buartha go bhfuil an próiseas le tuilleadh leasuithe riachtanacha a dhéanamh iontach fadálach.

### 3.3 Gearain faoi Sheirbhís

Mhol na Coimisinéirí go leasófaí an tAcht chun "gearán faoi sheirbhís" a aithint.

Ní gearán faoi mhí-iompar choiriúil nó faoi sharú araíonaíochta a bheadh ann. Ni gá go gciallódh sé sin nach ndéanfadh sé iarracht gearán faoi mhí-iompar a chur i leith comhalta ar bith den Gharda Síochána.

Tharlódh "gearán faoi sheirbhís" nuair tá duine míshásta le caighdeán nó leibhéal na seirbhíse soláthraithe ag an nGarda Síochána.

Faigheann an Coimisiún cuid mhór gearán dá leithéid seo. D'fhéadfaidís tarlú de dheasca easpa éifeachtúlachta nó easpa acmhainní. Ni gá go gciallódh sé sin áfach go mbeadh mí-iompar Garda i gceist. I dtosca áirithe, d'fhéadfadh duine ón ngnáthphbal smaoineamh gur dhéilieáil garda a bhí ag obair faoi bhrú leis/léi ar dhóigh a shílfí bheith cóngarach nó dímheasúil.

Seachas an cód araíonachta a thoghairm, leis an bpáipéarchas, maorlathas, moill, strus choimhdeach, d'fhéadfaí déileáil leis seo sa riarachán.

## 3.4 Réiteach Neamhfhoirmiúil

Bhí rath teoranta ag an gcóras reatha de Réiteach Neamhfhoirmiúil go dtí seo. Ba chóir go leasófaí an próiseas a dhreasú i gcásanna, i mbarúil an GSOC, is léir go bhfuil dóigh chothrom agus chuí le teacht ar réiteach faoin chás.

Molann na Coimisinéirí gur chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras reatha a ligeann do chomhalta an Gharda Síochána a c(h)eart a úsáid leis an bpróiseas a chrosadh. Ar mhaithe le leas na cothroime, ba mhian leis na Coimisinéiri nach mbeadh gearánaithe ábalta cinneadh an GSOC chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach trí réiteach neamhfhoirmiúil a chrosadh.

Mholfadh na Coimisinéirí ar eagla nach mbeadh rath ar nós imeachta réitigh neamhfhoirmiúil, go mbeadh líon roghanna ar fáil, ina measc:

• deireadh a chur leis an ngearán ar an bhonn go bhfuil imscrudú eile neamhriachtanach nó nach bhfuil réasúnta praiticiúil; nó

• d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an imscrudú agus chuirfí i gcatagóir ghearán seirbhíse é.

I bhfocal eile, níor chóir go mbeadh deasacht don ghearánaí nó don gharda faoina ndearnadh gearán an próiseas a chrosadh ar an bhonn go mbeadh buntáiste acu in imscrúdú eile.

Ar deireadh, is í barúil an Choimisiúin, dá bhféadfaí nós imeachta éifeachtach cosúil leis an gceann thuasluaite a chur i bhfeidhm, shaorfadh sé an pearsanra imscrúdaithe go mór agus chuirfeadh sé iad ar a gcumas díriú níba éifeachtaí ar chásanna tromchúiseacha.

## 3.5 Fiosrúcháin Réamhghlacachta

Sa reachtaíocht atá ann faoi láthair, tá bac curtha ar an gCoimisiún fiosrúchán ar bith a dhéanamh faoi ghearán sula gcuirtear isteach é go foirmiúil. Cuireann sé seo tús le próiseas maorlathais a fheidhmiú láithreach, cur in iúl do chomhaltaí an Gharda Síochána go raibh gearán déanta fúthu, san áireamh. Creideann an Coimisiún gur féidir leis an riachtanas seo bheith dolúbtha, trom agus míchuí uaireanta. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh glao fóin simplí no iarratas le haghaidh soléirithe cur in iúl go soiléir cé acu atá gearán neamh-inghlactha ann nó nach bhfuil.

Tá na Coimisinéirí den bharúil go bhféadfaí fáil réidh le líon mór páipéarachais agus .go bhféadfaí comhaltaí an Gharda Síochána a shábháil ó inmí neamhriachtanach dá mbeadh solúbthacht ann fáil sa réimse seo.

## 3.6 Imscrudú Gearán ag Leibhéal Maoirseachta Tosaigh

Tá a fhios ag na Coimisinéirí go gcuireann tarchur gearán araíonachta ar ais chuig údarás an Gharda Síochána, ualaí troma ar bhainistíocht áitiúil an Gharda Síochana. Tá na hualaí seo ar ard-cheannfoirt go príomha, atá ceaptha de réir na Rialúchán Araíonachta mar oifigigh imscrúdaithe (GSIOs).

Diomaite dá bheith ag cur le hualach oibre na n-ard-cheannfort, is minic a chuireann sé seo moilleanna fada ar phróiseáil na ngearán, agus mar sin de, is cúis le deacrachtaí do gach uile dhuine bainteach leis é– do na gardaí faoina ndearnadh gearán, do na hoibrithe foirne agus do na gearánaithe iad féin.

Cé go bhfeádfadh ard-cheannfort idirghabháil san imscrúdú ar ghearáin níos tromchúisí, measann an Coimisiún go bhféadfadh le sáirsintí déileáil níos gaiste le gearáin níos mionchúisí, mar a tharlaíonn i ndlínsí cóngaracha.

Le hathrú ar bith a dhéanamh ar na socruithe atá ann faoi láthair, bheadh leasú ar Rialúcháin (Araíonachta) an Gharda Síochána 2007 de dhíth, leoga.

## Caibidil 4 Rioscaí sa Todhchaí

### 4.1 Ceisteanna Riosca sa Todhchaí

Tá sé fíothábhachtach go gcoinnítear líon láidir inmharthana oibrithe foirne sa GSOC. Laghdaigh deacmhaíocht nádúrtha agus daoine ag fágáil, an líon oibrithe foirne go leibhéil isle chriticiúla i bpríomhrannóga, an Rannóg Imscrúduithe agus an Rannóg Cásoibre san áireamh.

Tá míshuaimhneas ann fós – an méid mór míthuisceana – maidir le tarchur cásanna chuig an nGarda Síochána le haghaidh imscrúdaithe faoi alt 94 den Acht, sa ghnáthphobal agus sa Gharda Síochána. Is ceist leaúnach don Choimisiún nua é áitiú ar gheallshealbhóirí gur féidir le halt 94 feidhmiú ar mhaithe le leas gach duine lena mbaineann sé.

Tá imní ann freisin faoin méid mór ama a ghlacann sé chun imscrúduithe a chríochnú. Ba iad an cuid mhór cásanna ardphróifíle, ach ní iad uile, na cinn a tharraingíonn aird an phobail.  Bhi claonadh acu le bheith ag an dtaobh níos coimpléascaí den scala.

Mar cheist bheartais, rinne an GSOC iarracht a dhualgais a chomhlíonadh i gcomhar le comhoibriú deonach ó ghardaí. Cé go raibh móramh na gardaí freagrúil agus gairmiúil, bhi deacrachtaí ann le gardaí eile nár chomhoibrigh leis. Theip ar líon beag freastal ar chruinnithe socraithe nó cáipéisí oifigiúla a sholáthar arís agus arís eile. Chuir siad seo go mór leis an méid ama a ghlac sé le himscrúduithe a chriochnu i roinnt cásanna.

Féadtar rioscaí bheith ann maidir le himscrúduithe fada, cé gur beag iad, do mhuinín an phobail as an eagraíocht. Rinneadh dianiarrachtaí an próiseas seo a luathú agus a bhrostú. Is tosaíocht leanúnach riachtanach é seo don Choimisiún.

### 4.2 Cumasú an GSOC lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh

Aithníonn an Coimisiún nach dócha gcomhlíonfar iarratais le haghaidh tuilleadh acmhainní, sna tosca reatha. Mar sin de, aithníonn sé go gcaithfidh an GSOC oibriú "níos cliste" a dhéanamh de dheasc an líon oibrithe ag laghdú agus an mhéid sheasta ghnó.

Molann an tuarascáil seo gcuirfear líon beag beart reachtach agus riaracháin i bhfeidhm, agus dá gcuirfí, d'fhéadfaidís cabhrú go mór leis an gCoimisiún a chuid dualgas a chomhlíonadh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Ní mór an líon gnó mionchúisigh a chuirtear isteach mar inghlactha a laghdú. Ní mór déileáil leis na cásanna sin a ghlactar isteach níos gaiste agus le nios lu páipéarchais ahus maortlathais.

Ó bunaíodh an GSOC níor thángthas ar fhadhb mhór ar bith laistigh den Gharda Síochána ar an scála agus a tháinig siad chun tosaigh i Roinn Dhún na nGall sna 1990í.

Dá mbeadh a leithéid seo de cheist le teacht chun tosaigh nó dá dtarlódh sraith nó braisle cásanna de mhí-iompar choiriúil líomhnaithe ghardaí, bheadh amhras ann faoi chumas an GSOC le déileáil leo seo. Nil toilleadh breise san eagraíocht i láthair na huaire.

Dá bhféadfaí na bearta curtha in iúl ag na Coimisinéiri a chur chun cinn go deireadh, d'fhéadfaí toilleadh breise a chruthú agus d'fhéadfaí fail réidh leis an obair níos gaiste agus níos éifeachtúla.

**Caibidil 5 An Coimsiún sa Todhchaí**

5.1 An Coimsiún sa Todhchaí

Tá a fhios ag an gCoimisiún go raibh díospóireachtaí ann, go háirithe le linn rith an Acht 2005, maidir le barrstruchtúr an Choimisiúin é féin.

Tá buntáistí ann leis an tsamhail triúr daoine atá ann faoi láthair. Cuireann sainfhaisnéis agus taithí na ndaoine ó reimse rannóg le hobair an Choimisiúin. Tá buntáistí praiticiúla ann freisin go bhfuil Coimisineir amháin, ar a laghad, ar fáil le hoibríochtaí foirne a threorú agus a stiúradh.

Tá buntáiste mór ann i dtimpeallacht oibre chomh guagach agus atá sa Choimisiún. Bhí claonadh ag na cásanna ba thromchúisí agus b'íogair thar an tréimse oibríochta cheithre bliana, tarlú ag deirí seachtaine agus le linn tréimhsí saoire.

Ceist braistinte atá ann freisin. Tá a fhios ag an gCoimisiún, agus é aireach ar a dhualgas reachtúil muinín an phobail a chur chun cinn, ar dhearcthaí an phobail faoin GSOC, go háirithe maidir lena neamhspleáchas agus lena neamhchlaontacht. Cuireann Coimisiún le triúr daoine, lena riachtanas dleathach de chothromaíocht inscne agus a réimse taithí agus sainfhaisnéise, dearbhú láidir poiblí in iúl go bhfuil cothroime agus íogair ag croílár chur chuige an GSOC ag an leibhéal is airde. Déanann sé cinnte fosta – machnamh tábhachtach agus taithí ann air seo in áit eile san áireamh – nach gcuireann difríochtaí pearsantachta idir an Ombudsman agus na príomhidirghabhálaithe eile isteach ar reáchtáil réidh agus éifeachtach na heagraíochta.

Measann na Coimisinéirí, ó thaobh cothroime de, go bhfuil na machnaimh seo níos tábhachtaí ná na buntáistí a d'fhéadfaí bheith ann sa tsamhail dhuine amháin.

**Conclúid**

Creideann na Coimisinéiri gur bhain an GSOC méid mór feasachta pobail air agus níos mó muiníne ag an ngnáthphobal as amach.

Creideann siad go bhfuil na caidrimh oibríochta riachtanacha, cosúil leis an Stiúrthóir Ionchuiseamh Poiblí, na Cróinéirí, na Cúirteanna, Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena bhainistíocht shinsearach agus leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus lena Roinn, bunaithe agus ag oibriú go maith.

D’fhreagair oibrithe foirne an GSOC go héifeachtach do na dúshláin a bhí acu agus thaispeáin siad na caighdeáin is airde de ghairmiúlacht ar fud a réimsí freagrachta.

Beidh a dhúsláin féin ag an gCoimisún a bheidh mar chomharba ar an gCoimisiún atá ann faoi láthair. Cé nach bhféadfadh cuid díobh seo bheith intuartha, tá líon réimsí ann a d’aithin na Coimisinéirí ar a mbeadh aire reachtach nó riarachain de dhíth.

Ba mhian leis an triúr Coimisinéirí a bhfíorbhuíochas a ghabháil leis an Rialtas, go háirithe na hAirí Dlí agus Cirt agus Comhionannais a tháinig i ndiaidh a chéile, leis an Oireachtas, le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena fhórsa, agus leis an líon mór eagraíochtaí agus daoine aonair sin, cumainn foirne an Gharda Síochána san áireamh, lenar oibrigh siad go sochrach thar na blianta ó bunaíodh é.

Ba chroí-phrionsabal in oibríocht an Gharda Síochána í póilíneacht le toiliú an phobail ó bunaíodh an Stát. Tríd an gcéim de mhaoirseacht neamhspleách a sholáthraíonn sé, curtha i bhfeidhm trí chreatlach dhlíthiúil shoiléir, buntacaíonn agus athneartaíonn an GSOC an prionsabal sin i gcoinníollacha comhaimseartha.

Is mór an phribhéid do na Coimisinéirí é gur tugadh riarachán na seirbhíse tábhachtaí, reachtbhunaithe, poiblí seo dóibh ar iontaoibh.